

## Hurlamaboc - le Éilís Ní Dhuibhne.

### **Téama an tSleachta:**

Baineann an sliocht seo le saol meán-aicmeach na hÉireann. Is aoir é an t-úrscéal nua-aimseartha seo ina fheicimid gnéithe den saol nuair a bhí an Tíogar Ceilteach i réim. Baineann an sliocht le muintir Albright - Teaghlach atá ina chónaí i mbruachbhaile faiseanta. Cé go bhfuil an chlann saibhir agus go bhfuil Lisín "foirfe" mar bhean, tuigimid nach bhfuil Ruán ró-shona ann féin. Is léir go bhfuil an scríbhneoir ag déanamh scigmhagadh ar luachanna na ndaoine meánaicmeacha seo.

Tá na mná ar an bhóthar uilig mar an gcéanna - Néata agus faiseanta. Tá gruaig fhionn ar gach duine acu, ach amháin Eibhlín Ní Loinsigh, agus síleann na mná uilig go bhfuil sí aisteach ar fad. Tá Lisín féin néata agus álainn, agus tá a teach néata agus álainn chomh maith. Ach feicimid cé chomh baothghalánta is atá meon na ndaoine ar an ascaill. Tuigimid go bhfuil míshuaimhneas ar Ruán. Níl sé ag dúil leis an chóisir, cé go ndeir sé a mhalairt lena mháthair.

### **Carachtair an tSleachta:**

**Lisín:** Is bean **faiseanta** í Lisín atá pósta le fiche bliain. Tá beirt mhac aici atá cliste agus dathúil. Ní raibh Pól saibhir nuair a bhuaíl siad le chéile, ach anois, tá sé múnlaíthe aici. Tá cuma óg ar Lisín, agus tá suim aici i dteangacha agus sa drámaíocht. Is léir gur duine **gnóthach**, **eagraithe** í. Bhí sí ag ullmhú cóisire chun an fiche bliain a cheiliúradh. Bhí gach rud in ord agus in eagar aici sa teach. Shíl na comharsana go raibh sí **foirfe**. Bhí cuma **álainn** uirthi i gcónaí, agus bhí cuma ghalánta ar an teach.

Is **suachmán sásta** í, ach b'fhéidir nach mairfidh an tsástacht sin í bhfad. Feicimid nach dtuigeann sí meon a mic, Ruán. Tá sé soiléir sa sliocht gur duine **údárasach** í, mar bhí sé de nós ag daoine í a shásamh. Is bean **bhaothghalánta**, **chaol-aigeanta** í a chuireann barraíocht béime ar rachmas. Tá sí **claonta** chomh maith, mar shíl sí go raibh Eibhlín Ní Loinsigh aisteach mar nach raibh a cuid gruaige fionn.

**Ruán:** Tá Ruán ocht mbliana déag d'aois. Is fear óg **cliste agus dathúil** é. Mothaíonn sé go gcuireann a mháthair lagmhisneach air. Is léir go bhfuil sé **míshuaimhneach** ina shaol. Seans nach bhfuil Ruán chomh hamaideach leis na daoine eile sa sliocht, mar tá sé **amhrasach** faoin saol atá ag a thuismitheoirí. Níor thaitin an comharsa a tháinig chun tí leis ach oiread. Bhí sé cairdiúil agus gealgháireach, ach shíl Ruán go raibh súile géara aige.

D'fhéadfá a rá go raibh sé **searbhasach agus ciniciúil**. Ní raibh sé ag dúil leis an chóisir, cé gur lig sé air go raibh. Níor chreid sé go mbeadh an chóisir "cool", chreid sé go mbeadh sé "crap". Feicimid anseo go bhfuil sé **cineálta** mar dhuine, mar bhí sé ag iarraidh a mháthair a shásamh.

### **An Sliocht mar Aoir:**

Bhí an Tíogar Ceilteach i réim in Éirinn san am a scríobhadh an t-úrscéal seo. Feictear go bhfuil a lán airgid déanta ag Pól Albright. Tá sé tábhachtach don teaghlach go mbeadh an ceiliúradh so-fheicthe do na comharsana ar fad. Féachann Lisín ar an chóisir mar "chaithréim".

Léiríonn an meon seo ábharachas i measc dhaoine meánaicmeacha roimh an chúlú eacnamaíochta. Léirítear go maith na hiarrachtaí a dhéanann mná coinneál suas lena chéile - An tsuim a chuireann siad san fhaisean chun bheith chomh dathúil agus chomh galánta le gach bean eile.

Déantar cur síos so-chreidte ar shaol rachmasach agus ar an chaighdeán ard beatha a bhí sa tír sular tháinig an cúlú eacnamaíochta. Tá íoróin ar leith in ainm an teaghlaigh "Albright", mar tugann sé le fios go bhfuil gach rud i gceart. Ach is léir go bhfuil rud éigin in easnamh, agus go bhfuil seisce ag baint leis an stíl bheatha seo.

### **Barúl:**

Thaitin an sliocht seo go mór liom mar tá an cur i láthair nádúrtha agus nua-aimseartha. Tá carachtar Ruáin ocht mbliana déag d'aois - Tuigim agus creidim a dhearcadh ar an saol. Tá craiceann na fírinne ar na carachtair sa sliocht. Faighimid léargas cumasach ar shaol rachmasach an teaghlaigh trí shúile Ruáin agus trí shúile Lisín fosta. Mar sin, is féidir leis an léitheoir pictiúr iomlán a fháil ar a bhfuil ag tarlú i ndáiríre.

De réir dealraimh, tá saol éasca ag Lisín. Ach ní hionann an cófra is a lucht! Déarfainn go bhfuil cuid mhór teaghlaigh sa tír seo a chuireann barraíocht béime ar an ábharachas. Gan amhras, tá ceacht tábhachtach le foghlaim sa sliocht seo.